



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022  
(OR. en)

12562/22

---

---

Comhad Idirinstiúideach:  
2022/0229(NLE)

---

---

ACP 102  
WTO 175  
COAFR 230  
RELEX 1207  
AGRI 449

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí arna bhunú leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta a ghlacadh

---

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2022/...**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí arna bhunú leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Shínigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile<sup>1</sup> ('an Comhaontú') an 10 Meitheamh 2016. Cuirtear i bhfeidhm é go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Eswatini, Leosóta, an Namaib, agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ón 10 Deireadh Fómhair 2016, agus idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Mósaimbíc, den pháirt eile, ón 4 Feabhra 2018.
- (2) Leis an gComhaontú bunaíodh an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí ('an Coiste Speisialta').
- (3) De bhun an Chomhaontaithe, is faoin gCoiste Speisialta atá sé a chuid rialacha nós imeachta féin a chinneadh.
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta a bhunú, toisc go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas ag na cinntí maidir leis na rialacha nós imeachta a ghlacadh.

---

<sup>1</sup> IO L 250, 16.9.2016, lch. 3.

- (5) Ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Speisialta a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta féin a bhunú ar dhréachtchinneadh ón gCoiste sin a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí, arna bhunú le hAirteagal 13 de Phrótocal 3 a ghabhann leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh ón gCoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*